



## An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Central Statistics Office

### Preas Ráiteas

#### Press Statement

### Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC) 2012

Is suirbhé teaghlaigh é an Suirbhé ar Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (SILC) in Éirinn a chumhdaíonn réimse leathan saincheisteanna i ndáil le hioncam agus coinníollacha maireachtála. Tá sé ar an bpriomhfhoinse sonrai ar ioncam teaghlaigh agus aonair agus lena chois sin soláthraíonn sé roinnt príomh-tháscairí náisiúnta na bochtaineachta, cosúil leis an ráta i mbaol na bochtaineachta, an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí agus rátaí na díothachta forghníomhaí. Tugtar achoimre anseo thíos ar phríomhfhorthaí de chuid suirbhé 2012, i dteannta le tortaí inchomparáide ó bhlianta roimhe seo:

Tábla A Achoimre na bpriomhfhorthaí

	2007	2008	2009	2010	2011	2012
<b>Ioncam</b>	€	€	€	€	€	€
<b>Ioncam ainmniúil - Ioncam indiúscartha coibhéiseach in aghaidh an duine aonair</b>						
Airmheán	19,794 <sup>3</sup>	20,758	20,107	18,591	18,148	17,702
Meán	23,610	24,380	23,326	22,138	21,440	20,856
Tairseach i mbaol na bochtaineachta (60% d'ioncam airmheáin)	11,876 <sup>3</sup>	12,455	12,064	11,155	10,889	10,621
<b>Ioncam iarbhír<sup>1</sup> - Ioncam indiúscartha coibhéiseach in aghaidh an duine aonair</b>						
Airmheán	20,633	20,681	20,107	19,273	18,555	17,702
Meán	24,611	24,290	23,326	22,950	21,920	20,856
Tairseach i mbaol na bochtaineachta (60% d'ioncam airmheáin)	12,380	12,409	12,064	11,564	11,133	10,621
<b>Rátaí bochtaineachta &amp; díothachta</b>	%	%	%	%	%	%
Ráta i mbaol na bochtaineachta	16.5	14.4	14.1	14.7	16.0	16.5
Ráta díothachta <sup>2</sup>	11.8	13.7	17.1	22.6	24.5	26.9
Ráta na bochtaineachta comhsheasmhaí	5.1	4.2	5.5	6.3	6.9	7.7
<b>Táscairí comhionannais ioncaim</b>						
Comhéifeacht Gini (%)	31.7	30.6	29.3	31.4	31.1	31.2
Ioncam cóimheas sciar na cúigile	4.8	4.5	4.3	4.8	4.9	5.0

<sup>1</sup> Bonnbhliana díbhóilisceoir 2012

<sup>2</sup> Braitheadh dhá chineál díothachta forghníomhaí nó níos mó

<sup>3</sup> Leasaithe

#### Achoimre ar phríomhfhorthaí

- In 2012 b'ionann an ioncam indiúscartha coibhéiseach bliantúil airmheáin agus €17,702. Léirigh sé seo laghdú de 2.5% ar luach ainmniúil na bliana 2011 de chuid €18,148 i ndearbhthéarmaí.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire  
*Oifig i mBaile Átha Cliath*  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland  
*Dublin Office*  
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
information@cso.ie  
www.cso.ie

- B'ionann an Chomhéifeacht Gini in 2012 agus 31.2%, figiúr gan athrú suntasach ar bhonn staidrimh ar fhigiúr na bliana 2011 (31.1%). D'fhan cóimheas sciar na cùigile ag 5.0 in 2012.
- In 2012, b'ionann an ráta i mbaol na bochtaineachta agus 16.5%, i compaireád le 16.0% i 2011. Figiúr gan athrú suntasach ar bhonn staidrimh é seo.
- Bhraith beagnach 27% den daonra dhá chineál díothachta forghníomhaí nó níos mó in 2012, suas ó 24.5% in 2011.
- B'ionann an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí agus 7.7% in 2011, rud nach athrú suntasach ar bhonn staidrimh é ar fhigiúr na bliana 2011 de chuid 6.9%.

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise téigh i mbun teagmhála le Caitriona O'Brien ar 021 4535201 nó Patrick Foley ar 021 4535012, nó trí mheán rphoist ag [Caitriona.Obrien@cso.ie](mailto:Caitriona.Obrien@cso.ie), [Patrick.Foley@cso.ie](mailto:Patrick.Foley@cso.ie)

An Phríomh-Oifig Staidrimh

16<sup>ú</sup> Aibreán 2014

**– CRÍOCH –**